

BEARTAS MAIDIR LE HÚSÁID TEANGACHA AG COMHGHNÓTHAS SESAR 3

Is é cuspóir an bheartais seo faisnéis ábhartha a chur ar fáil don lucht féachana maidir le húsáid teangacha ag Comhghnóthas SESAR 3¹.

Tá an beartas seo ar fáil i ngach ceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh².

Cothromaíocht réasúnta atá sa bheartas seo idir meas ar chainteoirí theangacha AE de bhun na reachtaíochta is infheidhme, na hoibleagáidí a chuirtear ar institiúidí agus a gcomhlachtaí agus gnéithe praiticiúla amhail an costas aistriúcháin.

Is i mBéarla a dhréachtaítear aon ábhar agus aon doiciméad arna gcruthú ag gníomhaíochtaí Chomhghnóthas SESAR 3 agus i gcomhthéacs lena mbaineann, mar is é sin an teanga oibre agus cumarsáide a aithnítear ar fud an domhain i réimse an taighde idirnáisiúnta eitlíochta agus bainistíochta aerthráchta.

I bhfianaise an mhéid sin, is i mBéarla atá doiciméid agus teachtaireachtaí eile de chuid Chomhghnóthas SESAR 3, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do dhoiciméid agus d'ábhar a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin Chomhghnóthas SESAR 3, ar na meáin shóisialta (YouTube, LinkedIn agus Twitter) agus i gcumarsáid le linn imeachtaí.

Arna iarraidh sin, féadfaidh Comhghnóthas SESAR 3 ábhar agus doiciméid a aistrítear i gceann de na 24 theanga oifigiúla a sholáthar. Tabhair do d'aire le do thoil, áfach, go dteastaíonn am chun aistriúchán a dhéanamh agus go bhféadfadh sé go mbeadh tréimhse níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis chun freagra a thabhairt ar na hiarratais sin.

¹ I gcomhlíonadh le Conarthaí an Aontais Eorpaigh agus a fheidhmiú, le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle an 15 Aibreán 1958 lena gcinntear na teangacha a úsáidfidh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa², déanfaidh na hInstitiúidí Eorpacha, a nGníomhaireachtaí agus a gComhlachtaí an méid seo a leanas:

- cumarsáid a dhéanamh le saoránaigh an Aontais ina dteangacha féin,
- éagsúlacht shaibhir teanga na hEorpa a chosaint, agus
- foghlaim teangacha a chur chun cinn san Eoraip.

² Béarla, Bulgáiris, Cróitis, Danmhairgis, Eastóinis, Fionlainnis, Francís, Gaeilge, Gearmáinis, Gréigis, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Ollainis, Polainnis, Portaingéilis, Romáinis, Seicis, Slóivéinis, Slóvaicis, Spáinnis, Sualainnis agus Ungáiris